

Club Óige Lurgan

2010/2011



Deborah Ní Ghibne

Tagann Club Óige Lurgan le chéile chuile Aoine i gColáiste Lurgan in Indreabhán agus is deis iontach é do dhaoine óga na háite bualadh le chéile ar bhonn sóisialta. Is Club lán-Ghaeilge é an club seo agus bíonn béim ar leith ar na daoine óga a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus chun bród a mhúscailt iontu as a dteanga dhúchais. Is é bunaidhm an chlub spás sábháilte a chur ar fáil do dhéagóirí, ní hamháin chun bualadh lena gcuid cairde ach, chomh maith leis sin, chun scileanna sóisialta nua a fhoghlaim. Spreagtar na daoine óga go gníomhach chun cinneadh a dhéanamh as a stuaim féin agus chun seilbh agus freagracht a ghlacadh ar an gclub. Is é Coiste na nÓg, i gcomhar leis na daoine fásta atá ar Choiste an Chlub féin, a dhéanann na himeachtaí a phleanáil. Is tuismitheoirí iad formhór na ndaoine fásta seo, daoine a bhfuil suim ar leith acu a bheith ag obair le déagóirí agus ag iarraidh iad a chumasú. Bíonn neart oibre agus pleanála i gceist leis an gclub seo a rith agus, ar ndóigh, bíonn muid i gcónaí ag cuartú oibritheoirí deonacha chun cúnamh a thabhairt dúinn.

Tá an club cleamhnaithe le hÓige na Gaeltachta agus glacann muid páirt in an-chuid imeachtaí a eagraíonn an t-eagras seo, chomh maith le go leor imeachtaí eile. D'fhorbair na daoine óga lógó nua don chlub i mbliana agus fuair siad léinte allais déanta i ndathanna an-gheala (gléghorm agus bándearg!) agus, dá bharr seo, tá sé an-éasca muid a fheiceáil agus a aithint pé áit a mbíonn muid!

Bhí muid an-ghnóthach i mbliana agus seo a leanas roinnt de na himeachtaí a bhí ar siúl againn:

Ghlac muid páirt sa tsiúlóid don Oispís a bhíonn ar siúl go háitiúil chuile bhliain. Bhí freastal láidir ón gclub óige ar an tsiúlóid seo agus thug sé tuiscint mhaith do na déagóirí ar a gcuid dualgas poiblí.

D'fhreastail 20 déagóir ar an Oireachtas i gCill Airne i mbliana. Chuir siad seó iontach ar an stáitse – seó a scríobh siad féin! Bhí na déagóirí seo théis bualadh le chéile ar feadh 8 seachtaine roimh ré chun an dráma a scríobh, na feistis a dhearadh, an ceol a chur le chéile agus cleachtadh a dhéanamh – agus bhí siad chomh fuinniúil agus díograiseach sin go raibh sé ina phléisiúr a bheith ag



Daoine óga as Club Óige Lurgan 2008.

tabhairt cúnamh dóibh. Bhí neart tacaíochta ó thuismitheoirí chun an seó seo a chur le chéile agus chun cúnamh a thabhairt don chlub nuair a bhí muid thíos i gCill Airne.

Bhí *Fachtóir Chonamara* ar siúl do chlubanna Óige na Gaeltachta i Seanscoil Sailearna, Indreabhán, i mí Feabhra. Bhí thart ar 100 ball as Indreabhán, Carna, Cill Chiaráin agus an Trá Bháin i láthair. Is seó ardáin é *Fachtóir Chonamara* atá bunaithe ar an gclár teilifíse *The X Factor*. Bhain Caitríona Ní Churraoin ón gclub s'againne an tríú háit amach sa gcomórtas seo, rud a chiallaigh go raibh deis againn freastal ar an gCraobh a bhí ar siúl i nGort an Choirce, Tír Chonaill, san Aibreán.

Chuir Óige na Gaeltachta cúrsa ceannaireachta ar fáil do dhéagóirí idir 15-18 bliana atá gníomhach sa gclub óige. D'fhreastail ochtar ball de



Daoine óga as Club Óige Lurgan 2008.



An Club Óige – roinnt blianta ó shin.
An aithníonn sibh iad?

Choiste na nÓg ar an gcúrsa seo a bhí ar siúl i mí Bealtaine in oifig Óige na Gaeltachta i gCasla. Bhí an cúrsa seo an-úsáideach is d'fhoghlaim na daoine óga an ní atá i gceist le bheith i gceannas ar chlub agus na scileanna cuí chun é seo a dhéanamh go héifeachtach.

Rinne muid cuairt malairte leis an gclub óige i gCarna – Ionad Óige Iorras Aithneach – agus bhí an-oíche go deo againn uilig. Bhí téama Haváíoch leis an oíche agus bhí neart ceoil agus craic ag na déagóirí! Oíche thábhachtach a bhí ann chomh maith le déagóirí ó chlubanna Gaeltachta

difriúla a tharraingt le chéile chun aithne a chur ar a chéile.

Sular scoir an club don samhradh, thug muid 60 ball chuig an bpictiúrlann agus bhí sé go hálainn a bheith ina dteannta an oíche sin mar tá an oiread spraoi agus beochta ag baint leo!

Ba é buaicphointe na bliana dúinn nuair a bheartaigh na déagóirí a gcuid am saor a thabhairt suas chun airgead a chruinniú le haghaidh duine óg as an áit a bhí an-bhreoite. D'eagraigh siad díolachán earraí i gColáiste Lurgan agus bhí sé ar siúl acu thar dhá lá. D'oscail siad caifé beag ann le linn

an dá lá seo agus bhí deochanna teo agus cácaí ar fáil do mhuintir na háite (a thug go fial dóibh!). Bhailigh na daoine óga €700 agus tá ardmholadh tuillte acu as an éacht seo!

Bhí bliain ar leith againn ach bhí neart dúshlán romhainn chomh maith. Ceann de na dúshláin ba mhó a bhí ann ná níos mó daoine fásta a mhealladh chun cúnamh a thabhairt. Tá na daoine fásta go léir atá ar an gcoiste ag obair go deonach agus obair na gcapall ar siúl acu. Bhí róta againn le go mbeadh tuismitheoirí i láthair gach Aoine chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt. Ach tá géarghá le níos mó daoine a bheith ar an gcoiste chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpleanáil agus i reáchtáil an Chlub. Dá mbeadh níos mó daoine againn ag plé go gníomhach leis an gclub, ní bheadh an oiread céanna oibre le déanamh ag daoine. Chomh maith leis sin, feictear dúinn nach mór oibrí óige a fhostú ar bhonn lánaimseartha a bheas in ann tacaíocht a thabhairt do na hoibrithe deonacha atá ag obair sa gclub.

Dúshlán eile ná an t-ionad ina mbíonn an club ar siúl gach Aoine. Níl na háiseanna i gColáiste Lurgan feiliúnach do chlub óige agus tá gá leis an áit seo a athchóiriú nó áit nua a aimsiú le haghaidh an chlub. Is bocht an scéal é nach bhfuil áit cheart, chompórteach, the againn le déagóirí na háite a thabhairt le chéile ann. É sin ráite, ní dhearna na déagóirí aon ghearán i gcaitheamh na bliana rud a chuir iontas orainn – bhíodar siúd ansásta a bheith le chéile cuma cén áit a raibh sé! Daoine ar leith iad ar fad, bail ó Dhia orthu!



An aithíonn sibh iad seo ó Chlub Óige Lurgan ag dul siar sna blianta?